

Cúig cheist coitianta ó thaobh vacsaíniú COVID-19

1 Conas a oibríonn vacsaíniú?

Forbraítear vacsaíní chun an córas imdhíonachta a hoiliúint agus cosaint a thabhairt in aghaidh galair thógálacha agus na haimhréidh a ghabhann leo. Nuair atá an vacsaín faighte agat ba chóir go mbeifeá in ann troid i gcoinne infhabhtú, má thagann tú i dteagmháil leis. Beidh leibhéal áirithe de chosaint, nó imdhíonachta, agat ar an ngalar.

Vacsaíniú an tslí is sábháilte chun imdhíonacht in aghaidh nithe is cúis le galar - baictéir agus víris atá fós le teacht ar do chorp, san áireamh. Tá foirm neamhdhíobhálach de bhaictéar nó víreas a bhaineann leis an ngalar, i vacsaín, a bheidh tú imdhíonta ina aghaidh. Aithneoidh do chóras imdhíonachta an fhoirm neamhdhíobhálach sin den bhaictéar nó víreas atá sa vacsaín gan tinneas a tharraingt ort agus spreafaidh sé freagra imdhíonachta ar leith, le troid ina choinne. Cuimhníonn an córas imdhíonachta ar an mbaictéar nó víreas agus má thagann duine atá vacsaínithe i dteagmháil leis an mbaictéar nó an víreas níos déanaí, beidh an córas imdhíonachta réidh le troid ina choinne láithreach agus cosc a chur le forleathnú na faidhbe.

2 An bhfuil sé níos fearr COVID-19 a fháil go nádúrtha?


Níl. An t-aon slí chun COVID-19 a fháil go nádúrtha ná infhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2, an ní is cúis leis an ngalar. Nuair atá an galar ort, tá baol ann go scaipfeá é do dhaoine eile thimpeall ort. Cruthaíonn galrú baol atá tromchúiseach dod' shláinte, d'fhéadfá a bheith an-tinn agus go mbeadh impleachtaí fadtéarmacha ann dod' shláinte. Táimid fós ag cur aithne ar na fadhbanna fadtéarmacha a ghabhann le COVID-19, a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach ar feadh i bhfad. Ceadaíonn vacsaíniú duit imdhíonacht a mhéadú go sábháilte i slí atá rialaithe agus teacht as, gan a bheith tinn le COVID-19 nó é a leathadh ar dhaoine eile.

3 An bhfuil an luas a bhain le vacsaíní a fhorbairt do COVID-19 ag trasnú ar chúrsaí sábháilteachta?

Níl. Leanadh de na próisis sábháilteachta coitianta agus trialacha cliniúla ar na vacsaíní do COVID-19 agus tá dian próisis rialála comhlíonta ina n-iomláine, mar a bheadh le haon vacsaín nó leigheas eile.

Comhoibriú agus Tosaíocht
Tháinig eolaithe, dochtúirí, boird um fhaomhadh eitice, déantóirí agus lucht rialaithe le chéile le dian obair a dhéanamh go mear.

Eolaíocht
Tá dul chun cinn i dteicneolaíocht na vacsaíne tógtha ar bhlianta de thaighde.



Cistiú

Tháinig Rialtais agus lucht cistithe le chéile le haon bhac a bhain le cúrsaí maoinithe a bhaint.

Déantóireacht

Bhí mór scála déantóireachta na vacsaíne ag rith comhthreomhar leis na trialacha cliniúla ionas go bhfaighfí a ndéanamh a mhéadú go mear.

Daoine deonacha

Bhí 10,000 daoine deonach réidh le páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniúla agus dá bhrí sin ní raibh ceist maidir le dóthain daoine a bheith ar fáil.

4 Conas a bhfuil fhios agam go bhfuil an vacsaín do COVID-19 sábháilte?

Déantar diantrialacha ar aon vacsaín sula dtugtar don daonra iad. Cosúil le haon leigheas eile, bíonn ar na vacsaíní dul faoi dhiantrialacha cliniúla, an áit ina dtugtar iad le monatóireacht ar na grúpaí de dhaoine deonacha atá i gceist. Sa UK, scrúdaíonn an Medicines & Healthcare products Regulatory Agency (MHRA) torthaí na dtrialach ansin.

Níl aon chógas saor ó riosca nó 100% éifeachtach. Cinntíonn próiseas ceadúnais atá daingean agus trialacha sábháilteachta go bhfuil buntáistí na gcógas atá tugtha tríd an NHS, níos láidre go mór ná na rioscaí. Tugtar na vacsaíní do dhaoine sláintiúla, bíonn na smachta níos déine, rud a chiallaíonn go bhfuil leibhéal an 'riosca inghlactha' do na vacsaíní níos ísle ná mar a bheadh sé do chógais eile.

5 Conas a bheadh a fhios agat cad iad na himpleachtaí fadtéarmacha agus an vacsaín chomh nua seo?

Nuair a fhaomhtar vacsaín nó cógas, déanann an MHRA monatóireacht leanúnach ó thaobh sábháilteachta agus éifeacht. Tuairiscíonn soláthraithe leighis nó othair aon amhras maidir le fo-iarmhairtí chuig an MHRA ag baint leas as scéim an chárta bhuí. Déantar iniúchadh láithreach ar aon chás atá amhrasach, tugtar comhairle airdeallach agus athríotar na treoracha, más gá.

Tá trialacha cliniúla agus monatóireacht do COVID-19 déanta ar líon mór daoine le míonna anuas agus níor ardaíodh aon mhórcheisteanna sábháilteachta. Tá monatóireacht déanta freisin ar na trialacha cliniúla seo ionas go raibh ar chumas an MHRA a rá go rabhadar slán sábháilte. Tarlaíonn an chuid is mó de na fo-iarmhairtí ag am an vacsaíniú nó gairid ina dhiaidh sin, taobh istigh de laethanta nó seachtainí, bíonn siad beag agus sealadach. Cuid de na fo-iarmhairtí is ea tinneas nó ag an láthair insteallta, tuirse nó fiabhras éadrom, ach ní mhaireann siad i bhfad. Is comhartha na fo-iarmhairtí seo go bhfuil an córas imdhíonachta ag freagairt don vacsaín mar ba cheart. Dealraíonn sé go bhfuil na fo-iarmhairtí neamh coitianta, ach, chun a bheith fíorchúramach, leanfaidh an MHRA ar aghaidh le monatóireacht dóibh.


An raibh forbairt na vacsaíní do COVID-19 ró-thapaigh?

Comhoibriú agus Tosaíocht

Tháinig eolaithe, dochtúirí, boird um fhaomhadh eitice, déantóirí agus lucht rialaithe le chéile le dian obair a dhéanamh go mear.

Eolaíocht

Tá dul chun cinn i dteicneolaíocht na vacsaíne tógtha ar bhlianta de thaighde.



Cistiú

Tháinig Rialtais agus lucht cistithe le chéile le haon bhac a bhain le cúrsaí maoinithe a bhaint.

Déantóireacht

Bhí mór scála déantóireachta na vacsaíne ag rith comhthreomhar leis na trialacha cliniúla ionas go bhfaighfí a ndéanamh a mhéadú go mear.

Daoine deonacha

Bhí 10,000 daoine deonach réidh le páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniúla agus dá bhrí sin ní raibh ceist maidir le dóthain daoine a bheith ar fáil.